V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10651 – FAERCH / PACCOR)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 269/08)

1. An 6 Iúil 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle [1].

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Faerch A/S ("Faerch", an Danmhairg), fochuideachta de chuid A.P. Møller Holding A/S ("APMH", an Danmhairg),

— PACCOR Holdings GmbH ("Paccor", an Ghearmáin), atá á rialú go hindíreach ag Goldberg Lindsay & Co. LLC ("Lindsay Goldberg", SAM).

Gheobhaidh Faerch rialú aonair ar Paccor ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir agus dáileoir pacáistíochta plaistí doichte é Faerch don tionscal bia go príomha, agus is athchúrsálaí agus táirgeoir comhtháite TPE é freisin,

— Is monaróir agus dáileoir pacáistíochta plaistí doichte é Paccor don tionscal bia go príomha, agus d'fheidhmeanna neamhbhia ar leith freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10651 – FAERCH / PACCOR

[1] IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

Commission européenne
Direction générale de la concurrence
Greffe des concentrations
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË